Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

# Eispéireas Foghlama Gairmiúla:

# Bláthú Teanga í a Léamh 6

Spléachadh ar dhea-chleachtas in ionramháil na dtéacsanna litríochta i ranganna na hArdteistiméireachta

Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, 2027 agus 2028

cc BY NC

# Cuspóir an EFG

Beidh tuisicint againn ar:

- an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim mar thacú le difreáil na foghlama chun freastal ar riachtanais na scoláirí sa rang Gaeilge agus an saothar litríochta 'Athair' le Mícheál Ó Conghaile mar spreagthach.
- chomhchruthú intinní foghlama agus critéir ratha le scoláirí.

# Deilbhíní in Úsáid sa Chur i Láthair seo

Ábhar an Padlet


Áis Chomhrá

Deis Mhachnaimh

Obair Ghrúpa

Aiseolas

# Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta, 2010


AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

GAEILGE

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

NA SIOLLABAIS

AGUS

AN CÓRAS MEASÚNACHTA

ARNA FHOILSIÚ AG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

(Nuashonraithe, Feabhra 2010)

https://tinyurl.com/yavek5yw

# Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh, 2027 agus 2028



An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

**Ciorclán: 0071/2025**

**Chuig: Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Iar-bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).**

**Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028**

Is mian leis an Roinn Oideachais a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal go leagtar amach sa chiorclán seo an t-ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028.

Is ionann liosta na n-ábhar atá leagtha síos i gceangal leis seo agus na hábhair atá leagtha síos i gciorclán 0070/2024 do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027. Tá tuilleadh soiléireachta curtha ar fáil maidir leis an gcúrsa roghnach. Beidh feidhm ag an liosta seo anois freisin do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2028.

Iarrann an Roinn ar údaráis scoileanna aird na múinteoirí Gaeilge uile a dhíriú ar an gciorclán seo.

Meabhraíonn an Roinn do scoileanna gur cheart aon úsáid a bhaintear as na téacsanna seo san Idirbhliain a bheith i gcomhréir le *Ráiteas Chlár na hIdirbhliana* (2024) .


Iarrann an Roinn ar údaráis scoileanna fógra leordhóthanach a thabhairt do scoláirí faoi na téacsanna seo roimh thús na scoilbhliana ábhartha.

Féadfar rochtain a fháil ar an gciorclán seo ar www.gov.ie.

https://tinyurl.com/y2edsw8z


Ciorclán 0071/2025

# Padlet




https://tinyurl.com/r52pccsu

# Tacaíochtaí Oide agus Litríocht na hArdteistiméireachta






Oide

Tús Maith le...
*'Athair'*
le Micheál Ó Conghaile

## Plota an Ghearrscéil

Teastaíonn ó mhac rún a scaoileadh lena athair ach cén toradh a bheidh air? Éistítear sa scéal seo, atá lonnaithe in áit iargúlta faoin tuath, le comhrá idir mac agus athair agus féachtar ann ar smaointe an fhir óig agus a athar agus é ag dul i ngleic leis an eolas nua seo. Tá stíl ag Micheál Ó Conghaile atá furasta le léamh ina n-éiríonn leis an comhrá idir an bheirt acu a bhreith leis ina bheatha go láthair cumtha an scéil. Cuirtear clabhsúr mothúchánach leis an scéal seo ar nóta dóchais.

## An tÚdar

Is file, gearrscéalaí, úrscéalaí agus foilsitheoir é Micheál. Rugadh é in Inis Treabhair i gConamara agus tá sé ag cur faoi anois in Indreabhán. Tá thart ar 500 leabhar foilsithe aige. Is mar scríbhneoir cruthaitheach is mó atá aithne ar Mhicheál, go háirithe ó foilsíodh a chnuasach gearrscéalta *An Fear a Phléasc* (1997). Bhí an t-úrscéal *Sna Fir* (2000) ar ghearrliosta Dhuais Liteartha *The Irish Times*.

## Na Príomhcharachtair

**An tAthair**: Is léir gur den sheanghlúin an t-athair sa scéal seo nach raibh ar a chumas a chuid mothúchán a nochtadh go poiblí. Is sean-Chaitliceach traidisiúnta é an t-athair a choisriceann é féin san umar uisce ag tairseach an dorais. Is fear ciúin traidisiúnta é. Tugann sé cluas éisteachta dá mhac.

**An Mac**: Is duine tuisceanach dea-chroíoch foighneach é an mac a thuigeann daoine agus cás an duine. Feictear a chrógracht agus an grá agus an meas atá aige dá athair.

## Téamaí Féideartha

| | | |
|---|---|---|
| Caidreamh idir athair agus a mhac | An seansaol agus an saol nua in Éirinn | Féiniúlacht an duine |

https://tinyurl.com/4tjmsz7e

# ‘Athair’ le Mícheál Ó Conghaile




https://tinyurl.com/5n7397nc

# Spreagthaigh sna Téacsanna




Cad a spreag an rang chun an saothar litríochta seo a roghnú?

# An Difreáil sa Seomra Ranga Gaeilge

‘an t-athrú luais, leibhéil nó cineál teagaisc a sholáthraítear mar fhreagra ar riachtanais, stíleanna nó spéiseanna foghlaimeoirí aonair’

Heacox 2002

‘fealsúnacht teagaisc í an difreáil atá bunaithe ar an mbonn gur cheart do mhúinteoirí an teagasc a oiriúnú d’éagsúlachtaí scoláirí’.

Willis agus Mann 2000

# Difreáil mar Mhodh Foghlama

- In oiriúint do riachtanais shainiúla na bhfoghlaimeoirí.

- Coigeartuithe déanta i rith nó i ndiaidh teagaisc ag freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

- Tacaíochtaí spriocdhírithe a thabhairt do na foghlaimeoirí ar fad.



# An Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim



## Rannpháirtíocht

- Spéis agus Rogha
- Aoibhneas agus súgradh
- Cuspóir
- Comhoibriú agus Comhfhoghlaim
- Machnamh

## Léiriúchán


- Eolas léirithe ar bhealaí éagsúla
- Teanga agus Siombailí
- Réamheolas nasctha le foghlaim nua

## Gníomhaíocht agus Léiriú

- Freagraí ar bhonn pearsanta
- Cur in iúl agus Cumarsáid
- Spriocanna lánbhrí

# An Difreáil agus an Gearrscéal ‘Athair’




Cad iad na straitéisí difreálaithe a bheadh oiriúnach i do chomhthéacs scoile féin?

# Aiseolas ar an Difreáil

Comhroinnigí na straitéisí difreálaithe a bhíonn in úsáid agaibh sa seomra ranga Ardteistiméireachta Gaeilge maidir le saothar litríochta ar nós 'Athair'?

Mentimeter


Oide

# Intinní Foghlama agus Critéir Ratha










# Intinní Foghlama agus 'Athair'




Cad iad na buntáistí a bhaineann le hIntinní Foghlama a chruthú?

# Rogha sa Tasc – Tasc Difreálaithe

Oide

**Treoracha do thasc**

1. Roghnaigh eachtra/carachtar amháin sa ghearrscéal.
2. Déan do rogha de thasc thíos.
3. Cruthaigh Intinní Foghlama (dhá cheann) don tasc seo.

**Scríobh iontráil dialainne**

**Cruthaigh podchraoladh**

**Dear stiallchartún**

# Aiseolas a bhailiú


Céard iad na hintinní foghlama a bheadh i gceist le tasc mar seo?

Cé na bealaí ar féidir difreáil a dhéanamh leis an tasc seo le freastal ar na foghlaimeoirí ar fad?

# Intinní Foghlama agus Critéir Ratha

**Leasa a bhaint as an siollabas**

+


AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

GAEILGE

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)


NA SIOLLABAIS

AGUS

AN CÓRAS MEASÚNACHTA

ARNA FHOILSIÚ AG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
(Nuashonraithe, Feabhra 2010)

**Ag baint leas as téacs as Ciorclán 0071/2025**




→

**Beartaigh an fhoghlaim – na hintinní foghlama**

↓

**Dear gníomhaíochtaí difreálaithe**

←

**Comhchruthaigh na Critéir Ratha**

←

**Bain leas as na critéir ratha don mheasúnú agus aiseolas**

# Nóiméad Machnaimh

Comhroinn straitéis amháin a úsáidfidh tú agus tú ag déanamh staidéir ar an ngearrscéal 'Athair' sa rang Gaeilge.

Oide

# Cuspóir an EFG

San EFG seo bhí tuiscint againn ar:

- An Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim mar thacú le difreáil na foghlama chun freastal ar riachtanais na scoláirí sa rang Gaeilge agus an saothar litríochta 'Athair' le Mícheál Ó Conghaile mar spreagthach.
- Chomhchruthú intinní foghlama agus critéir ratha le scoláirí.

# Treoir Teagaisc CNCM

Oide




Eoinín na nÉan




Iníon





Cuairteoir

Ábhar tacaíochta | Curriculum Online

# Acmhainní COGG agus TG4 Foghlaim




https://cogg.ie/




TG4 Foghlaim

# Aiseolas

Oide

https://forms.office.com/e/sEs8F5DFMp

# Fan i dTeagmháil Linn….

Oide

eolas@oide.ie

Oide www.oide.ie


@oide_Ireland



# Liosta Seachadta

Cén luach a bhaineann le clárú dár liosta seachadta?

- Cor poist rialta ó fhoirne na Gaeilge agus an GhaelAonaid
- Freagraí mionsonraithe ar cheisteanna reatha ó mhúinteoirí
- Nuacht agus uasdátuithe ó Oide agus ó pháirtithe leasmhara.


Oide Liostaí Seachadta

Comhlánaigh na réimsí riachtanacha thíos agus léirigh an liosta /na liostaí seachadta ar mhaith leat clárú dó/dóibh

* Required

1. Ainm *

Enter your answer

2. Seoladh Ríomhphoist *

Enter your answer

3. Roghnaigh ón liosta thíos an limistéar liosta seachadta is mian leat a fheiceáil. Feicfidh tú na liostaí seachadta atá ar fáil thíos. *

- Oideachas trí mheán na Gaeilge
- Ceannaireacht
- Bunscoil
- Iar-bhunscoil

Next


Never give out your password. Report abuse

Microsoft 365

This content is created by the owner of the form. The data you submit will be sent to the form owner. Microsoft is not responsible for the privacy or security practices of its customers, including those of this form owner. Never give out your password.

Microsoft Forms | AI-Powered surveys, quizzes and polls Create my own form

The owner of this form has not provided a privacy statement as to how they will use your response data. Do not provide personal or sensitive information. | Terms of use




http://tinyurl.com/LiostaGagusGA

# Tagairtí


An Roinn Oideachais agus Óige. (2025). *Ciorclán 0071/2025. Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028*. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/department-of-education/circulars/ábhar-dualgais-do-scrúdú-gaeilge-na-hardteistiméireachta-i-mí-an-mheithimh-2027-agus-mí-an-mheithimh-2028/

An Roinn Oideachais. (2010). *Siollabais Nuashonraithe na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal).* Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/c794666b-8ca5-4f78-8160-809e296d19d2/Siollabais-Nuashonraithe-na-hArdteistimeireachta_1.pdf

Heacox, D. (2002). *Differentiating instruction in the regular classroom: How to reach and teach all learners, grades 3–12*. (Minneapolis, MN: Free Spirit Publishing)

Ó Conghaile, M. (1997). 'Athair' in *An Fear a Phléasc.* Lgh. 92-105. (Coiscéim)

Willis, S. agus Mann, L. (2000). *Differentiating instruction: Finding manageable ways to meet individual needs.* Alexandria, VA: Association for Supervision and Curriculum Development (ASCD)

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Focal Buíochais



Is féidir teagmháil a dhéanamh le Foireann Ghaeilge *Oide* trí ríomhphost a chur chuig eolas@oide.ie agus 'Gaeilge Iar-bhunscoile' a chur mar líne ábhair.

Lean muid ar X: @Oide_PP_Gaeilge

Instagram @OideGaelAonad

CC BY NC